



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
January 2016

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Matamaitic

Aonad T5 Páipéar 2
(Le háireamhán)

Bonnsraith



GMT52

[GMT52]

DÉ CÉADAON 13 Eanáir, 10.45 am–11.45 am

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **sé cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre uilig a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Tá cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúbíní atá priontáilte ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Measúnófar Eilimintí Feidhmeacha sa pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa in Ceist 8.

Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.


9862.02




20GMT5201

Bileog Foirmlí

$$\text{Achar traipéisiam} = \frac{1}{2} (a + b)h$$



$$\text{Toirt priosma} = \text{achar trasghearrtha} \times \text{fad}$$





LEATHANACH BÁN
NA SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO
(Tosaíonn ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

9862.02



20GMT5203

1 I gcás gach crutha thíos, tarraing líne shiméadrachta.



[3]



2 Is é mílte san uair an t-aonad impiriúil a úsáidtear le luas cairr a thomhas.

Scríobh aonad impiriúil leis na rudaí thíos a thomhas

(a) fad peann luaidhe,

Freagra _____ [1]

(b) meáchan úill.

Freagra _____ [1]

3 Seo roinnt cártaí uimhreacha.

3 1 4 2 1 4 1 2 1 4

Tiontaítear na cártaí béal fúthu.

Tógtar cárta go randamach.

(a) Cén uimhir is dóchúla go dtógfar í?

Freagra _____ [1]

(b) Cén uimhir is neamhdhóchúla go dtógfar í?

Freagra _____ [1]

(c) Is dóchúla go dtógfar ré-uimhir ná corruimhir.

An bhfuil an ráiteas sin Fíor nó Bréagach?

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



4 Tugtar an costas iomlán (£) ar sheirbhís a dhéanamh ar charr leis an fhoirmle

$$\text{Costas iomlán} = \text{costas páirteanna} + \text{uaireanta an chloig a oibríodh} \times 25$$

- (a) Íocann Don £240 ar pháirteanna agus glacann sé cúig uair an chloig le seirbhís a dhéanamh ar a charr.

Oibrigh amach an costas iomlán atá ar an tseirbhís a dhéanamh ar a charr.

Freagra £ _____ [2]

- (b) Níl páirteanna nua ar bith de dhíth ar charr Olive ach glacann sé $3\frac{1}{2}$ uair an chloig le seirbhís a dhéanamh air.

Cad é an costas iomlán atá ar an tseirbhís a dhéanamh ar charr Olive?

Freagra £ _____ [1]

- (c) Mínigh cad é dó a seasann an 25 san fhoirmle.

Freagra _____ [1]



5 Ceannaíonn Gary paca a bhfuil trí pheann ann ar £4.97

Ríomh costas gach pinn.

Tabhair do fhreagra go dtí an phingin is cóngaraí.

Freagra £ _____ [3]

6 Is é 240 punt meáchan dornálaí.

Cad é an meáchan sin ina chileagram?

Freagra _____ kg [2]

7 Cad é an t-ainm a thugtar ar chruth trí-shleasach a bhfuil siméadracht rothlach d'ord 3 aige?

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach




Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

8 Bíonn bainne ar díol ina lítir agus ina bpiontaí araon.

Lítir	20	60	100
Piontaí	35	105	175

(a) Úsáid na luachanna sa tábla le graf tiontaithe a tharraingt ar an eangach thíos.



[3]



(b) Mínigh an dóigh le do ghraf a úsáid le 240 pionta a thiontú ina lítir, agus scríobh an freagra.

Freagra _____ [2]

(c) Cheannaigh Alice 75 lítear bainne agus cheannaigh Barbara 120 pionta bainne.


Cé acu a cheannaigh an méid is mó bainne? Luaigh fáth le do fhreagra.

Freagra _____ mar _____
_____ [2]

[Tiontaigh an leathanach




- 9 (a) Ar an scála dóchúlachta marcáil le cros (X) an dóchúlacht go mbeidh sneachta ann i mBéal Feirste i Mí Iúil.




[1]

- (b) Ar an scála dóchúlachta marcáil le cros (X) an dóchúlacht go mbeidh fearthainn ann i mBéal Feirste an bhliain seo chugainn.



[1]

- (c) Ar an scála dóchúlachta marcáil le cros (X) an dóchúlacht go bhfaighidh tú cruit nuair a chaithfidh tú bonn cothrom in airde.



[1]


- (d) Deir an réamhaisnéiseoir aimsire go bhfuil seans 70% ann go gcuirfidh sé fearthainn amárach.

Cad é an dóchúlacht nach gcuirfidh sé fearthainn amárach?

Freagra _____ [1]



10 Déantar triantán A a mhéadú le triantán B a thabhairt.



(a) Cad é fachtóir scála an mhéadaithe?

Freagra _____ [1]

(b) Cá mhéad uair níos mó atá achar thriantán B ná achar thriantán A?

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



11 Íocann Rosemary 27 euro ar bhuidéal cumhráin.


Cá mhéad é sin ina phuint (£)?

£1 = €1.20

Freagra £ _____ [2]

12 Téann Harry a rith ón tSeandroichead go dtí an Droichead Nua agus ar ais.

Taispeántar a thuras ar an ghraf thíos.



9862.02



20GMT5212

(a) Cad é meánluas Harry ar a thuras fillte ón Droichead Nua go dtí an Seandroichead?

Freagra _____ msu [2]

(b) Cad iad na hamanna a mbíonn Harry ag rith ar a mheánluas is gasta eatarthu?

Freagra _____ [1]

(c) Tabhair fáth féideartha leis na línte cothrománacha ar an ghráf.

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach



13 Níl i mála ach licíní dearga, gorm, buí agus bána.


Taispeánann an tábla an dóchúlacht a bhaineann le cuid de na dathanna seo a ghlacadh go randamach as an mhála.

Dath	dearg	gorm	buí	bán
Dóchúlacht	0.2	0.35		0.3

Oibrigh amach an dóchúlacht a bhaineann le licín buí a ghlacadh as an mhála.

Freagra _____ [2]


14 Faigh achar an traipéisiam seo.



Freagra _____ cm² [2]



15 Tá teascóg dhearg agus teascóg bhuí ag rothlóir mar a thaispeántar.



Rothlaítear an tsaighead 1000 uair.

Taispeánann an tábla an mhinicíocht choibhneasta go gríochnóidh an tsaighead ar dhearg i ndiaidh líonta difriúla rothluithe.

Líon rothluithe	Minicíocht choibhneasta ag dearg
50	0.44
100	0.37
200	0.34
500	0.31
1000	0.32

Sa chéad 200 rothlú, cá mhéad uair a chríochnaigh an tsaighead ar dhearg?

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



16 (a) Comhlánaigh an tábla le haghaidh $y = 2x^2 - 4x - 5$

x	-2	-1	0	1	2	3	4
y		1	-5	-7		1	

[2]


(b) Tarraing an graf de $y = 2x^2 - 4x - 5$ le haghaidh $x = -2$ go dtí $x = 4$ ar an leathanach thall.

[2]

(c) Tarraing an líne $y = -2$ agus faigh luachanna x de na pointí trasghearrtha.

Freagra _____ [2]





9862.02



20GMT5217

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN
NA SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

9862.02



20GMT5218





LEATHANACH BÁN

NA SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

9862.02



20GMT5219

NA SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

9862.02



20GMT5220